Forleathnúchán Mata 5:

DÉAN PEIREASCÓP

MATA: Snáithí agus Aonaid Snátha

Fad	*Déan fad réad a mheas, a chur i gcomparáid agus a thomhas leis na haonaid chuí*
Línte agus Uilinneacha	*Déan línte ingearacha, cothrománcha, comhthreomhara, agus trasnánacha, agus aithint, a thuairisciú agus a rangú*
Cruthanna 2T	*Cruthaigh agus tarraing cruthanna 2T*
Cruthanna 3T	*Cruthaigh cruthanna 3T*
	Réitigh tascanna agus fadhbanna praiticiúla le cruthanna 2T agus 3T agus cuir i gcrích iad

Taispeánann an léaráid ar dheis solas ag taisteal trí pheireascóp. *(Úsáidtear priosmaí frithchaiteacha in áit scathán chun an solas a fhrithchaitheamh)*

Féach ar an léaráid agus bain triail as na nithe seo a leanas:

1) Línte agus Uilinneacha

Cé mhéid dronuille a fheiceann tú?
(*Meas tú an bhfuil 16 ann*)

An féidir leat na línte comhthreomhara sa léaráid a thaispeáint?

Cé mhéid líne thrasnánach atá ann?

An féidir leat luach (*i gcéimeanna*) a thabhairt do mhéid na n-uilineannacha go léir sa léaráid?



2) Cruthanna

Cé mhéid triantán atá le feiceáil agat?

Cén t-ainm a thabharfá do na triantáil seo?

(Dronuilleach; comhchosach, etc)

3) Réitigh fadhbanna le cruthanna

Féach ar an gcéad léaráid eile a thaispeánann casán solais trí pheireascóp.
An féidir leat an léaráid seo a chóipeáil go cruinn ar pháipear graif?



DÉAN PEIREASCÓP

4) Dear agus Déan

An féidir leis na leanaí teach spraoi a dhearadh le scatháin a ligfeadh dóibh féachaint timpleall cúinní? (B'fhéidir nach dtaitneodh sé le gach duine!)

An bhféadfaidis iarracht a dhéanamh teach mar seo chruthú le cartchlar, scatháin srl.

CUIMHNIGH AIR GO BHFRITHCHAITEAR SOLAS AS SCATHÁN AG AN UILLLE CÉANNA IS A THITEANN SÉ AR AN SCATHÁN.